NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí: Uimhearthacht

## Réimsí curaclaim agus modúil

Feabhra 2024

# Réamhrá

Cuimsíonn Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí (CFL2SS) roinnt réimsí curaclaim, gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá sé réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Mo Shaol, M'Airgeadas; Mo Chúram Pearsanta; Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile; agus, Sruthanna Roghnacha.

Cuimsítear ceithre mhodúl leis an réimse curaclaim Uimhearthacht. Tá sé deartha le haghaidh íoslíon de 240 uair den teagasc/den fhoghlaim thar thréimhse dhá bhliain. Deartar gach modúl agus tuairim is 60 uair an chloig teagaisc/ teagmhála ranga i gceist.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Uimhreacha agus airgead a thuiscint | 60 |
| Am a thuiscint agus a bhainistiú | 60 |
| Tomhas, suíomh agus ionad a thuiscint | 60 |
| Uimhreacha, cruth agus patrún a thuiscint | 60 |

# Réasúnaíocht

Is ionann uimhearthacht agus an cumas chun tuiscint, feidhmeanna, agus scileanna matamaitice a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus na héilimh laethúla a chomhlíonadh. Ina leith seo, ní mór don scoláire a bheith in ann smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil; ciall a bhaint as sonraí; feasacht ar spásúlacht a bheith acu; patrúin agus seichimh a thuiscint; réasúnú go matamaiticiúil, agus é sin uilig i gcomhthéacsanna fíorshaoil.

Cuireann forbairt uimhearthacht an scoláire le forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus an bealach eile thart. Nuair a tharlaíonn se seo, tacaítear leis an bhfoghlaim ar fad ar fud na sraithe sinsearaí agus cuirtear forbairt na scileanna tábhachtacha chun cinn, scileanna don saol atá riachtanach do neamhspleáchas an scoláire. Baineann an scoláire leas as seo ar go leor bealaí le linn dó a bheith ag déanamh dul chun cinn i gconairí foghlama, i saol na hoibre agus i saol an duine fhásta.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tá an réimse curaclaim seo deartha chun cumas an scoláire maidir le huimhearthacht a dhaingniú agus a chur chun cinn ón tsraith shóisearach, chomh maith le braistint ghaisce agus mhuiníne a chur ar fáil don scoláire maidir lena fhoghlaim féin. Tugtar deiseanna don scoláire léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir an fhoghlaim a fuarthas sna modúil seo a nascadh leis an réamhfhoghlaim, le modúil agus ábhair eile. Cuirfidh na scoláire a fhoghlaim i bhfeidhm ar fud na réimsí curaclaim amhail bainistíocht airgid, Corpoideachas agus scileanna cócaireachta. Cuidíonn sé seo le foghlaim a dhaingniú agus cumas an scoláire a chur chun cinn chun tuiscint, feidhmeanna, agus scileanna matamaitice a úsáid chun na fadhbanna a réiteach agus na héilimh laethúla a chomhlíonadh. D'fhéadfadh an scoláire dul ar aghaidh chuig seirbhísí do dhaoine fásta, breisoideachas agus/nó fostaíocht tar éis na scileanna riachtanacha a fhorbairt chun an saol a thuiscint agus páirt a ghlacadh sa saol céanna.

# Teagasc agus foghlaim

Glacann an scoláire páirt san fhoghlaim trí shamplaí fíorshaoil le linn dó a bheith ag úsáid teanga agus siombailí uimheartha cuí agus cearta. Is féidir tacú le foghlaim an scoláire tuilleadh trí dheiseanna chun teicneolaíochtaí digiteacha agus ábhair nithiúla a úsáid i ranganna. D'fhéadfadh go dteastódh ó roinnt scoláirí úsáid a bhaint as teicneolaíocht oiriúnaitheach.

# Modúl: Uimhreacha agus airgead a thuiscint

## Tuairisceoir modúil

Chun tuiscint a fháil ar airgead, ní mór don scoláire tuiscint a fháil ar uimhreas. Is é aidhm an mhodúil seo ná cur ar chumas an scoláire tuiscint a fháil ar an gcoincheap a bhaineann le huimhreacha agus airgead, an chaoi chun airgead a chainníochtú, chun idirbhearta a dhéanamh go muiníneach ina shaol laethúil agus léirthuiscint a bheith aige ar an tábhacht le hairgead a bhainistiú. Aithníonn an scoláire go seasann na huimhreacha do mhéid nó cainníocht, lena n-áirítear airgead. Déanann an scoláire iniúchadh ar airgead chun fáil amach agus aithint go bhfuil fiúntas agus luach ag baint le hairgead.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Uimhreacha**<br><br>Foghlaimíonn an scoláire chunuimhreacha a chomhaireamh, a léamh, a chur in iúl agus foghlaimíonn sé an iliomad bealaí ar féidir uimhreas a úsáid. | a. Samplaí a thabhairt d'uimhreacha san fhíorshaol<br>b. Comhaireamh trí gheáitsíocht, tadhaill agus uimhreacha a chur i bhfocail<br>c. Uimhreacha a léirmhíniú nó a thaispeáint i ndeicheanna agus aonta, amhail: 14 mar dheich amháin agus ceithre aon, 25 mar dhá dheich agus cúig aon<br>d. An méid náideanna i ndeicheanna, céadta agus i mílte a shainaithint<br>e. Cainníochtaí a mheas go dtí an luach is gaire i gcomhthéacsanna san fhíorshaoil in 10anna nó 100anna<br>f. Úsáid a bhaint as uimhreacha chun méid nó cainníocht a shannadh<br>g. Cásanna a shainaithint i gcásanna a bhfuil sé feiliúnach chun uimhreacha a shuimiú nó a dhealú agus an oibríocht seo a chríochnú<br>h. Siombailí a shainaithint, a aithint agus a úsáid le haghaidh suimithe agus dealaithe |
| **Airgead**<br><br>Foghlaimíonn an scoláire chun airgead a aithint, léirthuiscint a fháil go bhfuil luach ag baint le hairgead agus idirbhearta a dhéanamh. Déantar iniúchadh ar an riachtanas de bhillí agus admhálacha a scrúdú anseo le costais éagsúla ag baint leis na rudaí a bhfuil luach difriúil orthu. | i. Cur síos a dhéanamh ar chuspóir an airgid<br>j. Nótaí páipéir agus boinn a aithint agus a shainaithint<br>k. Boinn agus nótaí páipéir a shórtáil i ngrúpaí chun suim iomlán a chruthú<br>l. Aithint go bhfuil luachanna éagsúla ag baint le boinn agus nótaí páipéir éagsúla in eispéireas siopadóireachta<br>m. Páirt a ghlacadh in idirbhearta ach airgead a úsáid<br>n. Páirt a ghlacadh i suimiú agus dealú an airgid<br>o. Costas iomlán de liosta rudaí a ríomh<br>p. Sóinseáil a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil sí ceart le hais admhála<br>q. Praghsanna a shlánú chuig an aon, deich, caoga, céad euro is gaire<br>r. Bille nó admháil a mheas agus sóinseáil dhlite a thomhas<br>s. Bille nó admháil a léirmhíniú |

| | |
|---|---|
| | t. An t-am agus airgead taisce a phleanáil agus a thomhas a theastaíonn chun freastal ar imeacht nó chun rud a cheannach<br>u. Aithint go bhfaightear agus go gcaitear airgead ar bhealaí éagsúla<br>v. Úsáid a bhaint as aip chun íocaíocht a dhéanamh nó airgead a aistriú. |

# Modúl: Am a thuiscint agus a bhainistiú

## Tuairisceoir modúil

Is é aidhm an mhodúil seo chun cur ar chumas an scoláire a bheithfeasach ar chaitheamh an ama, a bheith ina ann a fháil amach cén t-am é, tuiscint a fháil ar thráthanna an lae, úsáid a bhaint as teanga an ama agus muinín a fhorbairt maidir le huirlisí éagsúla a úsáid a chuireann eolas in iúl a bhaineann le cúrsaí ama, amhail cloig dhigiteacha, amchláir nó staduaireadóirí. Tacaíonn se seo leis an scoláire ar na gcaoi chéanna chun feasach a fhorbairt ar chuntas a choinneáil ar am. D'fhéadfadh an scoláire féilirí, íomhánna, sceidil, amchláir, pleananna oibre, amadóirí agus cloig chun tacú leis a chuid ama a thuiscint agus a bhainistiú.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Am a léamh agus a thomhas**<br><br>Léiríonn an scoláire feasacht ar phatrúin laethúla le linn dó buneolas ar chúrsaí a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí agus imeachtaí laethúla. | a. Uirlisí éagsúla a shainaithint chun an t-am a léamh<br>b. Amanna a shainaithint ar chlog analógach<br>c. An t-am a léamh ar chlog dhigiteach<br>d. Scrúdú a dhéanamh ar am i bhformáidí 12-uair agus 24-uair<br>e. An difríocht idir a.m. agus p.m. a aithint nó a shainaithint<br>f. Úsáid a bhaint as teanga a bhaineann le ham i suíomhanna éagsúla<br>g. Príomh-amanna an lae a aithint ar chlog<br>h. An méid soicindí atá i nóiméad amháin a aithint, an méid nóiméad in uair an chloig, an méid uaireanta i lá amháin, an méid laethanta sa tseachtain, an méid seachtainí sa mhí, agus an méid míonna i mbliain<br>i. Amlíne a léirmhíniú agus a úsáid<br>j. Amchlár a léirmhíniú agus a úsáid<br>k. An cumas a léiriú chun caitheamh an ama a ríomh agus a léirmhíniú. |
| **Bainistíocht ama**<br><br>Forbraíonn an scoláire straitéisíchun am a phleanáil agus a bhainistiú mar chuid dá ghnáthamh laethúil. Foghlaimíonn sé chun dátaí a aithint agus iad le feiceáil i bhformáidí éagsúla trí úsáid a bhaint as áiseanna chun tacú le pleanáil agus bainistíocht ama. | l. Scileanna bainistíochta ama a shainaithint agus a úsáid amhail: athrú le bheith réidh in am, ullmhú roimh am ar leith, am a chur ar leataobh chun glanadh suas<br>m. Imeachtaí a shainaithint agus a sheicheamh ina ghnáthaimh laethúla ag úsáid teanga ghaolmhar agus tacaíochta<br>n. An t-am a theastaíonn chun tabhairt faoi ghníomhaíocht nó tasc a mheas agus a thuar<br>o. Tabhairt faoi ghníomhaíocht laistigh d'am ar leith agus tuar cén uair atá méid ama caite<br>p. Féilire nó amchlár a úsáid, i bhformáid ar bith, le haghaidh pleanáil ar aghaidh |

| | |
|---|---|
| | q. Úsáid a bhaint as amchlár iompair chun an méid ama a thógfaidh turas a ríomh<br>r. Gníomhaíocht lae iomláin a phleanáil ach am a úsáid lena n-áirítear amanna turais<br>s. Dátaí a aithint i réimse formáidí. |

## Modúl: Tomhas, suíomh agus ionad a thuiscint

### Tuairisceoir modúil

Dírítear sa mhodúl seo ar an tábhacht le tomhas faid, achar, toillte agus meáchain[1] agus suíomh agus áit i saol laethúil an scoláire. Sainaithníonn agus úsáideann an scoláire téarmaí, teanga agus siombailí tomhais le haghaidh faid, achair, meáchain agus suímh chomh maith le ríomhanna agus tomhais. Ar an gcaoi sin, forbraíonn an scoláire a fheasacht ar spásúlacht. Foghlaimíonn sé an chaoi ar féidir teanga, íomhánna, siombailí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar threo agus chun treo a thaispeáint.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Tomhas**<br><br>Sainaithníonn agus úsáideann an scoláire téarmaí, teanga agus siombailí tomhais le haghaidh faid, achair, toillte agus meáchain chomh maith le torthaí a ríomh agus cur síos a dhéanamh orthu ach teanga chuí a úsáid. | a. Rudaí laethúla a láimhseáil agus a mheasúnú ó thaobh difríochtaí fisiciúla de<br>b. Téarmaí, teanga agus siombailí a léamh, a thuiscint agus a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar aonaid faid, achair, toillte agus mheáchain<br>c. Aonaid mhéadracha tomhais a léirmhíniú le haghaidh faid, achair, toillte agus meáchain<br>d. Fad ruda a thomhas agus a thaifeadadh chomh maith leis an achar idir dhá rud le tacaíocht chuí<br>e. Fad, airde, achar, toilleadh agus meáchan rudaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht agus na torthaí a thaifeadadh go cuí<br>f. Caidrimh a shainaithint idir fad, airde, achar, toilleadh agus meáchan dhá rud<br>g. Réada a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus iad a chur in ord de réir faid, airde agus meáchain<br>h. Uirlisí tomhais cuí a roghnú agus a úsáid chun fad, achar toilleadh agus meáchan a thaifeadadh agus a chur i láthair<br>i. Tuiscint a bheith aige ar an tábhacht le cruinneas maidir le fad, airde, achar toilleadh agus meáchan a thomhas i gcásanna fíorshaoil. |
| **Áit agus Suíomh**<br><br>Úsáideann an scoláire a fheasacht ar spásúlacht ar mhaithe le treoshuíomh agus loingseoireacht ar scoil agus sa phobal áitiúil. Fiosraíonn an scoláire na gluaiseachtaí a bhaineann le codanna | a. Feasacht ar ionad a cholainne i spás a léiriú<br>b. Treo agus gluaiseacht a léiriú le linn dó a cholainn a úsáid<br>c. Stór focal cuí agus gothaí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar shuíomh amhail barr, bun, taobh istigh, faoi, ar dheis, ar chlé<br>d. Léarscáil shimplí a tharraingt agus a úsáid |

[1] Is ionann mais agus tomhas ábhair i réad agus is ionann meáchan agus imtharraingt ar réad. Úsáideadh an téarma meáchan anseo, mar go n-úsáidtear an téarma meáchan, agus go bhfuiltear ar an eolas faoin téarma in go leor scoileanna, seachas mais.

| | |
|---|---|
| difriúla den cholainn agus na slite ar féidir leis an gcolainn bogadh. | e. Príomhshuíomhanna a phobail a aimsiú le linn dó léarscáil a úsáid agus cur síos a dhéanamh ar an suíomh agus é a thaispeáint<br>f. An t-achar idir dhá áit ar léarscáil a ríomh agus a thaifeadadh<br>g. Suíomh ruda a thaispeáint ar ghreillechóras simplí<br>h. Suíomh duine a aithint sa phobal agus úsáid a bhaint as léarscáileanna agus conairí simplí chun cuntas a choinneáil ar ghluaiseacht agus taithí a fháil ar ghluaiseacht<br>i. Turas lae nó imeacht a phleanáil, cur síos a dhéanamh air nó é a ullmhú. |

# Modúl: Uimhreas, cruth agus patrún a thuiscint

## Tuairisceoir modúil

Is é aidhm an mhodúil seo chun tuiscint an scoláire a fheabhsú maidir leis an gcaoi ar féidir uimhreas a úsáid i gcomhthéacsanna agus i gcásanna fíorshaoil. Foghlaimíonn an scoláire faoin gcaidreamh idir uimhreacha agus codáin trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí laethúla lena gcuimsítear roinnt agus ceangal. Foghlaimíonn an scoláire faoi uimhreas a shainaithint agus faoina fheidhmeanna maidir le cruthanna. Foghlaimíonn an scoláire an chaoi chun cruthanna a aithint agus tomhas cruthanna agus réad a chur in iúl i dtéarmaí codán.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Uimhreas a thuiscint**<br><br>Téann an scoláire ar aghaidh ó shuimiú agus dealú le bheith rannpháirteach i bhfadhbanna focal agus iolrú. Tugtar roinn isteach chun tacú le tuiscint a fháil ar chodáin. | a. Uimhreacha aiceanta a shainaithint ó 0 go dtí 100<br>b. Fadhbanna focal a shainaithint i gcásanna a bhfuil sé feiliúnach chun uimhreacha a shuimiú nó a dhealú<br>c. Úsáid a bhaint as suimiú nó dealú chun freagraí ar fhadhbanna focal a sheiceáil<br>d. Siombailí a shainaithint, a aithint agus a úsáid le haghaidh iolraithe agus dealaithe<br>e. Cásanna a shainaithint ina n-iolródh nó ina roinnfeadh duine uimhir i gcomhthéacsanna fíorshaoil agus páirt a ghlacadh san oibriúchán iolraithe nó roinnte<br>f. Abairt ar bith a chruthú ach úsáid a bhaint as + - ÷ = x nó as focail<br>g. Codanna cothroma d'iomlán amhail leatha, ceathrúna, agus trianta a aithint agus a ainmniú<br>h. Leatha agus ceathrúna a cheangal de réir roinnte cothroime agus grúpaí<br>i. Codáin de mhéid a shainaithint, a ainmniú agus a chur in iúl amhail fad, meáchan agus toilleadh<br>j. Codáin de mhéid a shainaithint, a ainmniú agus a chur in iúl amhail am, méid nó cruth<br>k. Páirt a ghlacadh i gcairt chodáin agus codáin chothroma a shainaithint<br>l. Na rialacha de chomhroinnt a léiriú i gcásanna fíorshaoil. |
| **Tuiscint a fháil ar uimhreacha trí chruth agus patrún**<br><br>Déanann an scoláire iniúchadh ar chruth ina thimpeallacht agus sa teanga a bhaineann le cruth agus patrún. | m. Sonraí atá le fáil i dtáblaí simplí, barrachairteacha, píchairteacha nó patrúin a léirmhíniú<br>n. Cruthanna 2T agus 3T a shainaithint agus a ainmniú<br>o. Cruthanna agus patrúin a aithint ina thimpeallacht agus ina phobal<br>p. Úsáid a bhaint as teanga agus siombailí chun cur síos a dhéanamh ar chruthanna agus patrúin<br>q. Cruth 2T a phleanáil agus a chruthú le tacaíocht agus treoirlínte<br>r. Uilleannacha a shainaithint, a aithint nó a ainmniú de réir a méide. |

